ISSN 1977-107X

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

31 Márta 2014

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuairim Uimh. 1/2014 *(de bhun Airteagal 325(4), CFAE)* ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir údaráis riaracháin na mBallstát agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart 1

Tuairim Uimh. 2/2014 *(de bhun Airteagal 336, CFAE)* maidir le togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2011 agus maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2012 3

GA

Praghas: EUR 3

* Faoin tagairt C 94 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

TUAIRIM Uimh. 1/2014

(de bhun Airteagal 325(4), CFAE)

ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir údaráis riaracháin na mBallstát agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart

(2014/C 94/01)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 325(4) de,

Ag féachaint don togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir údaráis riaracháin na mBallstát agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart ([1]),

Ag féachaint don iarratas ar thuairim a dhírigh Parlaimint na hEorpa ar an gCúirt Iniúchóirí an 19 Nollaig 2013,

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A GHLACADH:

RÉAMHRÁ

1. Is é is cuspóir don dréacht-Rialachán seo go gcuirfear i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais go fónta i réimsí custaim agus na talmhaíochta, le go mbeadh sásraí níos éifeachtúla ag an gCoimisiún go háirithe, ach freisin ag údaráis chustaim agus údaráis eile na mBallstát, a chuideodh leis ó thaobh oibríochtaí lena sáraítear an reachtaíocht chustaim agus an reachtaíocht talmhaíochta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Chuige sin, féachtar, leis an togra, leis an méid a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise i réimse na gcustam agus, go háirithe, sna cásanna sin ina mbíonn dearbhú míchruinn ar an ionad tionscnaimh, tuairisc mhíchruinn ar earraí agus mí-úsáid an chórais idirthurais ([2]), trí mheán an méid a leanas:

(i) bunachar sonraí lárnach a bhunú de ghluaiseachtaí coimeádán ([3]), de shonraí maidir le hallmhairí agus onnmhairí agus de shonraí maidir le hidirthuras;

(ii) soiléiriú a dhéanamh ar an mbunús dlí chun sonraí custaim a roinnt idir an Coimisiún agus na Ballstáit;

(b) cumhacht a thabhairt don Choimisiún doiciméid tacaíochta na ndearbhuithe a bhaineann le hallmhairí agus le honnmhairí a fháil go díreach ó chuideachtaí san earnáil phríobháideach, d'fhonn dlús a chur leis na nósanna imeachta imscrúduithe maidir le custaim, lena laghdófaí an líon díobh a chuirtear chosc ama orthu tar éis trí bliana ([4]);

(c) trí phointe eile a shoiléiriú i ndáil leis an Rialachán atá ann cheana ([5]), sa mhéid go ndéantar an méid a leanas leis:

(i) tugtar an deis go bhféadfaí infheictheacht na sonraí sna bunachair a theorannú d'úsáideoirí ar leith;

(ii) cuíchóirítear maoirseacht ar chosaint sonraí;

(iii) faightear réidh leis an neamhchinnteacht dhlíthiúil maidir le hinghlacthacht faisnéise a fhaightear trí chúnamh frithpháirteach mar fhianaise in imeachtaí coiriúla náisiúnta.

2. Rinne an Chúirt imscrúdú ar an togra ón gCoimisiún i bhfianaise thorthaí a cuid oibre iniúchóireachta.

BARÚLACHA GINEARÁLTA

3. Measann an Chúirt go gcuideoidh an togra chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach, faoi réir na mbarúlacha sonracha dá dtagraítear i mír 5 go mír 8. Thairis sin, ós rud é go bhfuiltear ag féachaint le hAirteagal 18b a leasú mar aon leis

([1]) COM(2013) 796 final an 25 Samhain 2013.

([2]) Féach mír 3.3.1 den mheasúnú tionchair atá ag gabháil le togra reachtach an Choimisiúin (Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2013) 483 final an 25 Samhain 2013).

([3]) Ar a dtugtar Teachtaireachtaí Stádais Coimeádán (CSMs) i dtionscal na loingseoireachta.

([4]) Féach mír 3.3.2.1 den mheasúnú tionchair atá ag gabháil le togra reachtach an Choimisiúin (Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2013) 483 final an 25 Samhain 2013).

([5]) Ibid, mír 3.3.2.2.

an eolaire dá bhforáiltear in Airteagal 18a agus Airteagal 18g den dréacht-Rialachán, táthar ag freagairt don ábhar buartha a cuireadh in iúl i mír 9 agus mír 10 de thuairim na Cúirte Uimh. 3/2007 ([6]), tuairim a eisíodh an tráth deireanach a leasaíodh an Rialachán seo. Measann an Chúirt freisin go bhfuil an soiléiriú in Airteagal 12 úsáideach, is é sin le rá gur féidir faisnéis a fhaightear trí chúnamh frithpháirteach a úsáid mar fhianaise inghlactha in imeachtaí coiriúla sna Ballstáit. Ar na cúiseanna sin, is díol sásaimh don Chúirt é an togra ón gCoimisiún.

4. Ós rud é gurb é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an t-údarás inniúil do cheisteanna a bhaineann le maoirsiú ar chosaint sonraí agus gur gá don Choimisiún dul i gcomhairle leis dá réir sin, ní dhíríonn an Chúirt ar an ábhar sin sa tuairim seo.

BARÚLACHA SONRACHA

5. Le hAirteagal 18a agus Airteagal 18g den togra, leagtar amach na socruithe trína mbunóidh an Coimisiún eolaire de shonraí, agus trína ndéanfaidh sé anailís ar an eolaire sin, ar sonraí iad a fhaightear ó sholáthróirí seirbhísí, poiblí nó príobháideach, atá gníomhach sa slabhra soláthair idirnáisiúnta, agus trína roinnfear na sonraí sin le húdaráis na mBallstát. Le hAirteagal 18a(6) agus Airteagal 18g(3), teorannaítear an rochtain ar an eolaire sin do ranna ar leith den Choimisiún agus d'údaráis náisiúnta agus leagtar amach gur faoi réir coinníollacha ar leith a bheidh aon aistriú sonraí a dhéanfar d'institiúidí eile. Mar sin féin, le forálacha seo an dlí thánaistigh ní féidir srian a chur ar chumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte, cumhachtaí a bunaíodh leis an dlí príomha, eadhon Airteagal 287(3) CFAE. Cé nach bhfuil sé iomlán riachtanach tagairt a dhéanamh do chumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte sa Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 515/97, fós féin bheadh sé úsáideach dá léireofaí sna hAirteagail ábhartha go bhfuil na forálacha sin "gan dochar do cheart rochtana na Cúirte Iniúchóirí ar dhoiciméid agus ar eolas faoi Airteagal 287(3) CFAE". Chinnteofaí, leis an méid sin, go mbeadh na páirtithe uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Rialacháin ar an eolas faoi chumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte agus nach féidir na cumhachtaí sin a chur faoi réir coinníollacha sriantacha. Ar an gcúis chéanna, b'úsáideach é dá ndéanfaí tagairt don Chúirt Iniúchóirí in Airteagal 29, maidir le rochtain ar an gCóras um Fhaisnéis Custaim.

6. Le hAirteagal 18c go hAirteagal 18f, leagtar amach na socruithe lena bhfaighfidh agus lena bpróiseálfaidh an Coimisiún eolas maidir le gluaiseachtaí coimeádán isteach i gcríoch chustaim an Aontais, laistigh di agus amach aisti. Is iad na soláthróirí seirbhísí, idir sholáthróirí poiblí agus príobháideacha, a chuirfidh an t-eolas seo ar fáil, is é sin le rá, na cuideachtaí loingseoireachta. Mar chuid den ullmhúcháin den togra reachtach, chuathas i gcomhairle leis an gComhairle um Loingseoireacht Domhanda (CLD), ar ionadaí í thar cheann thart ar 90 % d'acmhainn dhomhanda na soithí línéir ([7]). Leis an nós imeachta sin, áirithítear, cuid mhaith, go bhfuil an togra inoibrithe agus nach gcuirfear costais mhíréasúnta ar na cuideachtaí loingseoireachta mar thoradh air ([8]).

7. Tugann an Chúirt dá haire nach bhfuil aon fhoráil sa dréacht-reachtaíocht le haghaidh fíoraithe maidir le comhláine, iontaofacht agus tráthúlacht na sonraí a chuireann na cuideachtaí loingseoireachta ar fáil. Chomh maith leis sin, ní chuirtear aon acmhainní ar leataobh sa ráiteas airgeadais reachtach dá leithéid de nós imeachta ach an oiread. Is rioscaí iad comhláine, iontaofacht agus tráthúlacht na sonraí, rioscaí ar gá dul i ngleic leo, ag féachaint go cuí don chostas a bhainfeadh le haon rialuithe a gcuirfí i bhfeidhm.

8. Le hAirteagal 18h den togra, tugtar de chumhacht don Choimisiún (OLAF) doiciméid tacaíochta le haghaidh dearbhuithe i leith allmhairí agus onnmhairí a fháil go díreach ó oibreoirí eacnamaíocha, nuair atá gá leo sin d'imscrúduithe. Is í an aidhm go gcuirfí dlús le himscrúduithe OLAF, rud a laghdódh dá réir an riosca go mbeadh chosc ama ann. Measann an Chúirt gurb iomchuí an beart é an beart sin. Mar sin féin, ar mhaithe le comhar dílis, éifeachtach idir an Coimisiún agus na Ballstáit, b'iomchuí é dá bhforálfaí mar seo a leanas san Airteagal sin:

(a) gur cheart go gcuirfeadh an Coimisiún údaráis náisiúnta na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoi aon iarratais a dhéanfaí chuig oibreoirí eacnamaíocha; agus

(b) go bhféadfaidh an Coimisiún cúnamh a lorg ó na húdaráis inniúla náisiúnta chun doiciméid a fháil, go háirithe i gcásanna nach gcomhlíonfadh na hoibreoirí eacnamaíocha an t-iarratas láithreach.

Ghlac Seomra CEAD an tuairim seo agus an tUas. Igors LUDBORŽS, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, mar cheannaire air i Lucsamburg ag a chruinniú an 25 Feabhra 2014.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Vítor Manuel da SILVA CALDEIRA

Uachtarán

([6]) IO C 101, 4.5.2007, lch. 4.

([7]) Féach mír 2.4.2 den mheasúnú tionchair atá ag gabháil le togra reachtach an Choimisiúin (Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2013) 483 final an 25 Samhain 2013).

([8]) Ibid, leathanach 27. Tá an cur chuige seo bunaithe ar thaithí na Comhairle um Loingseoireacht Domhanda agus riachtanais chomhchosúla de chuid údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá á gcur chun feidhme aici.

TUAIRIM Uimh. 2/2014

(de bhun Airteagal 336, CFAE)

maidir le togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2011

agus

maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2012

(2014/C 94/02)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 de,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (dá dtagraítear anseo thíos "na Rialacháin Foirne") ([1]),

Ag féachaint do Bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-63/12, a eisíodh ar an 19 Samhain 2013,

Ag féachaint do na tograí ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 ([2]),

Ag féachaint d'iarratas na Comhairle ar thuairim ar na tograí thuasluaite faoin 5 Márta 2014 ar a dhéanaí, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Feabhra 2014,

Ag féachaint don iarratas ó Pharlaimint na hEorpa le haghaidh tuairime ar na tograí thuasluaite a fuarthas ag an gCúirt ar 3 Márta 2014,

De bhrí, de bhun Airteagal 65 de na Rialacháin Foirne, go ndéanfar luach saothair oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh a uasdátú gach bliain, trí bheartas eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh;

De bhrí go bhfuil coigeartuithe 2011 agus 2012 ar feitheamh fós;

De bhrí, ina Breithiúnas i gcás C-63/12 a bhaineann le coigeartú 2011, gur leag an Chúirt Bhreithiúnais béim air ([3]) gurb amhlaidh, i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle, ar bhonn sonraí oibiachtúla arna soláthar ag an gCoimisiún, go bhfuil meath tromchúiseach agus tobann ar an staid eacnamaíoch agus airgeadais laistigh den Aontas de réir bhrí Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, go bhfuil dualgas ar an gCoimisiún tograí iomchuí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn an Airteagail sin. Sa chás sin, tá rogha éigin dá chuid féin ag an gCoimisiún, áfach, maidir le hábhar na dtograí sin, eadhon na bearta a mheasfaidh sé a bheith iomchuí, agus aird ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta ar leith, agus, más gá, ar thosca eile atá le cur san áireamh, amhail iad siúd a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna, agus go háirithe na riachtanais earcaíochta;

De bhrí go bhfuil cás C-86/13 a bhaineann le coigeartú 2012 fós ar feitheamh;

De bhrí go measann an Coimisiún gur iomchuí coigeartú a mholadh ar luach saothair agus ar phinsin sa Bheilg agus i Lucsamburg de 0,9 % le héifeacht ón 1 Iúil 2011 agus de 0,9 % eile le héifeacht ón 1 Iúil 2012;

De bhrí go dtagraíonn an Coimisiún, mar bhonn dá chuid tograí, d'fhorálacha an "clásal eisceachta" (sean-Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne) agus dá lamháil mheastóireachta faoin gclásal sin;

De bhrí go bhfuil leasuithe ar na Rialacháin Foirne maidir leis an nós imeachta d'uasdátuithe bliantúla um luach saothair glactha agus gur tháinig siad i bhfeidhm ([4]) sé seachtaine sular thíolaic an Coimisiún na tograí is ábhar don tuairim seo;

De bhrí go bhfuil "clásail mhodhnóireachta agus eisceachta" curtha in ionad an "clásal eisceachta" a bhí ann (Airteagal 10 agus Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne),

TAR ÉIS GLACADH LEIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS:

1. Tugann an Chúirt dá haire go dtagraíonn an Coimisiún dá lamháil mheastóireachta maidir le hábhar na dtograí iomchuí i leith luach saothair agus pinsin a choigeartú.

([1]) Rialachán Uimh. 31/CEE, 11/CEFA, ag leagan síos Rialacháin Foirne Oifigigh an Chomhphobail Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62).

([2]) COM(2013) 895 final agus COM(2013) 896 final.

([3]) Féach mír 74 den chinneadh.

([4]) Féach pointe 44 d'Airteagal 1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

2. Tugann an Chúirt dá haire go bhféadfadh foclaíocht aithris 3 sa dá thogra a bheith ina cúis le míthuiscintí mar nach ndéantar idirdhealú soiléir inti idir cailliúint cumhachta ceannaigh agus coigeartú ainmniúil ar luach saothair agus ar phinsin. Ina theannta sin, níl an bonn le haghaidh ríomh na gcoigeartuithe beartaithe de 0,9 % soiléir go leor.

3. Díríonn an Chúirt aird ar an bhfíoras nach bhfuil an "clásal eisceachta" mar bhonn do thograí an Choimisiúin i bhfeidhm a thuilleadh.

4. Molann an Chúirt breithniú an bhféadfaí leas a bhaint as na rialacha reatha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, agus, más gá, rialacha na gclásal modhnóireachta agus eisceachta atá ansin, chun déileáil leis na huasdátuithe bliantúla nach bhfuil feidhmithe go fóill i gcomhair 2011 agus 2012. Soláthraítear sna rialacha sin nós imeachta atá bunaithe ar shonraí fíoraithe agus oibiachtúla.

5. Tugann an Chúirt dá haire go n-éileofar leis na coigeartuithe atá beartaithe go gcuirfear leithreasaí buiséadacha ar fáil.

Bhí an tuairim seo glactha ag Seomra IV, faoi cheannas an tUas Louis GALEA, Comhalta na Cúirte Iniúchóirí, i Lucsamburg ag a chruinniú an 3 Márta 2014.

Don Chúirt Iniúchóirí

Vítor Manuel da SILVA CALDEIRA

Uachtarán

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA